NUACHTLITIR NA SEACHTAINE

15-10-2014

Beidh an scoil dúnta don bhriseadh lár-téarma ón 27ú Deireadh Fómhair – 31ú Deireadh Fómhair (san áireamh). Osclóidh an scoil arís Dé Luain, 3ú Samhain.

Beidh na páistí ag teacht isteach maisithe Dé hAoine, an 24 Deireadh Fómhair ag céiliúradh Oíche Shamhna. Iarrtar ar na pásití €1 a thabhairt isteach ar son na dteaghlach a bhfuil an ailse ag cur as dóibh. Déantar é seo go deonach. Beidh ar aon pháiste nach mbeidh maisithe éadaí spóirt na scoile a chaitheamh. Bígí cinnte de go bhfuil cóta ag do pháiste ar an lá le caitheamh ar an gclós. **Ní bheidh snámh ann Dé hAoine na seachtaine sin.**

The school will be closed for the midterm break from October 27th – November 31st (inclusive). We will re-open on Monday, November 3rd.

The children will come into school on Friday, October 24th in fancy dress for Halloween. We are asking children to bring in €1 on the day to support families affected by Cancer. This is entirely voluntary. Any child not in fancy dress must wear their school tracksuit. Please ensure that the children bring their coats for the yard as usual.

There will be no swimming on that day.

* *

Cruinnithe/Meetings

Beidh na cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí ar siúl an 11 agus 12 Samhain. Críochnóidh na páistí ag an ngnáth-am. 1:30pm do na Naíonáin agus 2:30pm do Ranganna 1-6 an dá lá sin.

*The Parent-Teacher meetings will take place on **November 11th and 12th**. The children will finish at the **usual times of 1.30pm for the infants and 2.30pm for 1st to 6th**.*

Lá na nGeansaithe/ Jersey Day

Is ábhar mór sástachta agam a rá gur bhailigh pobal na scoile **€385** ar Lá na nGeansaithe ar son an Bharda Oinceolaíochta Lae in Ospidéal Thamhlachta. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh as ucht na tacaíochta sin.

*I am delighted to say that the school community has raised **€385** in aid of The Oncology Ward in Tallaght Hospital. Many thanks for your support.*

****

Tá sé fíor-thábhachtach go bhfuil na páistí in am chun an lá scoile gach uile lá. Ba chóir go mbeadh siad sa líne nuair a bhuaileann an clog, ag a **8:50.**

*It is very important that the children are in time for school every day. The children should be in their line when the bell rings at **8:50.***

****

Éadaí Te/Warm Clothes

Mar is eol daoibh tá an aimsir fhuar fheannaideach go leor agus tá sé fíor-thábhachtach, mar sin, go bhfuil na páistí ag caitheamh cóta ceart agus iad ag teacht ar scoil.

As you are all aware the weather is changing and it can be cold on the schoolyard. It is essential that the children are wrapped up in warm coats coming to school

****

Club Oibre Baile

Beidh an chéad théarma eile den Chlub Oibre Baile ag tosú tar éis an tsosa lár-téarma. Tá an-éileamh air agus níor éirigh le gach duine áit a fháil sa chlub. Costas - €60 ar pháiste amháin, €110 do bheirt ó aon theaghlach amháin. Má tá suim ag do pháiste é a dhéanamh, seol isteach an t-airgead chomh luath agus is féidir má tá áit uaibh.

The Homework Club will be starting after the mid-term break again. It is getting more difficult to secure a place in the club due to the high demand. Price- €60 per child, €110 for two children from one family. Please send in the money as soon as possible if your child is looking for a place, as places will be offered firstly to those who have paid.

****

Peil na gCailíní

Bhí cluiche leathcheannais ag na cailíní Dé Luain i gcoinne Naomh Ultain. D'imir na cailíní go láidir is go cróga ach faraor géar níor éirigh leo an bua a fháil. Comhgairdeas libh as ucht an chluiche leathceannais a bhaint amacgh agus tá muintir na scoile an-bhródúil asaibh. Mo bhuíochas leis an Múinteoir Olivia a rinne an-obair leo agus í i mbun traenála rialta leo.
Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mile buíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí ar fad a thugann tacaíocht ag na cluichí scoile i rith na bliana. Bíonn cabhair ag teastáil go minic le síobanna agus chun na geansaithe a ghlanadh. Gan cabhair na dtuistí bheadh orainn cluichí a chur ar ceal. Bíonn na páistí ag brath ar thuistí le síobanna a thabhairt agus tá an fhoireann scoile an-bhuíoch daoibh. Maith sibh!
The Girl's Football team played their Semi-Final match against St. Ultans on Monday. The girls played with determination, strength and courage but unfortunately they did not win the game. Congratulations to the team for reaching the Semi-final stage and teachers, parents and classmates are all extremely proud of you. A big thank you to Múinteoir Olivia for the extra work and training that she does regularly with the children.
A huge thank you also for the continuous support from parents. Help is needed often for school matches, whether it be helping with transport, washing jerseys or being there on the sideline to show support and to cheer the children on. We rely heavily on parental support and without it many matches would have to be cancelled. Múinteoir Olivia and Donncha, the school staff and of course the children are extremely grateful. Maith sibh!

****

Peil na mBuachaillí

Ta foireann peile na mbuachaillí gnóthach faoi láthair freisin agus ag traenáil go dian. Faraor géar, chaill an fhoireann faoi-13 sa chluiche ceathrú ceannais le cúilín amháin. D'imir siad go láidir is go cróga chomh maith agus tá gach duine an-bhródúil astu. Maith sibh!
Tá dhá chluiche sraithe fágtha ag na buachaillí faoi-11. Beidh traenáil gach Luan ó 2.30pm-3.15pm
The boy's Football team are very busy also and are training hard. Unfortunately, the under 13 team lost the quarter final match by one point. They also played with great strength, determination and bravery and we are very proud of you all. Maith sibh!
The under 11 team have two league matches left. Training continues every Monday from 2.30-3.15pm.

****

Meabhrúcháin/ *Reminder*

Táimid ag bailiú an airgid don halla, rince, gleacaíocht, snámh agus don fheadóg stáin. Tá costas €35 i gceist do na Naíonáin don bhliain - (halla, rince, spórt)
Tá costas €82 do pháistí Rang a 1 - 6 don bhliain - (halla, rince, spórt, snámh, ceachtanna feadóige stáin).
Seol an t-airgead isteach roimh an **17 Deireadh Fómhair** le bhur dtoil. Má tá aon fhadhb ann, ná bíodh drogall oraibh labhairt go príobháideach leis an oifig.
Bíonn oifig Eilís dúnta gach lá ag a **2.00pm**.

We are collecting the money for the hall, dancing, gymnastics, swimming and tin whistle now.
*The price for the Infants is **€35** for the year (hall, dancing, sport).*
*The price for the 1st-6th Class is **€82** for the year (hall, dancing, sport, swimming, and tin whistle lessons).*
*Please send in the money before **October 17th**. If you have any problems with this, please do not hesitate to contact the office in confidence*
Eilís's office closes every day at 2.00pm

****

Cairde

Beidh Cruinniú de chuid Chairde ar siúl san Áras Dé Luan seo chugainn, 20 Deireadh Fómhair ag a 7:30 pm. Tá fáilte roimh cách. Má theastaíonn ó aon duine rud a chur ar an gclár is féidir ríomhphost a sheoladh chuig cairdecamoige@gmail.com, teachtaireacht phríobháideach a chur ar Facebook nó labhairt le duine den choiste ar an gclós.
An Chonair Chopair - Míle buíochas libh as ucht na tacaíochta. Is féidir airgead a sheoladh isteach go dtí an 24ú Deireadh Fómhair.
Cártaí Nollag- Tá na páistí tar éis an-obair a dhéanamh ar na cártaí. Gheobhaidh gach páiste cárta samplach dóibh féin agus foirm orduithe i ndiaidh an tsosa lár-téarma.
There will be a Cairde Meeting next Monday, October 20th, at 7:30pm in the Áras. All are welcome. If anyone wants to add to the agenda they can email cairdecamoige@gmail.com , send a private message on Facebook or approach any members of the committee in the schoolyard.
An Chonair Copair – Cairde would like to thank everyone for the fantastic response to the Copper Trail so far. There is still plenty of time to donate your copper as money will be counted up until the 24th of October.
Cártaí Nollag- The children have been working hard on their Cártaí Nollag. Each child will receive their sample card which is theirs to keep and order form for any orders after the Mid Term

Super Troopers

Tugadh cuireadh do Ghaelscoil na Camóige páirt a ghlacadh i gclár píolótach de Super Troopers le Laya Healthcare don scoilbhliain reatha 2014/2015. Tá ár scoil mar cheann amháin de mhéid bheag scoileanna a bheidh ag glacadh páirte sa chlár a cuireadh le chéile ag Laya Healthcare, múinteoirí, siceolaithe agus saineolaithe gníomhaíochtaí coirp leis na páistí a spreagadh chun foghlaim faoi nósanna maireachtála sláintiúla agus chun cur le léibhéal gníomhaíochtaí coirp. Déanfar é seo trí obair bhaile gníomhaíochtaí coirp a thabhairt gach oíche. Tá dialann ghníomhaíochta ag na páistí anois agus ta siad lán de chluichí spraíúla le déanamh sa bhaile. Bainigí taitneamh astu!

Gaelscoil na Camóige have been invited to take part in the pilot of ***Super Troopers with Laya Healthcare*** *programme for the 2014/15 academic year. Our school is one of a small number of schools from across the country that were invited to pilot this exciting new programme that has been created by Laya Healthcare along with teachers and a team of psychologists, nutrition, wellbeing and physical activity experts to encourage children to learn about a healthy lifestyle and increase their physical activity levels. This will be encouraged by setting physical activity homework every night. The children are provided with activity journals. These are filled with fantastic fun activities to do at home. Enjoy!*

****

Lán Fáilte!

Tá lán fáilte roimh Bharra Ó Nualláin atá ar Shocrúchán Scoile faoi láthair le Rang 1 agus roimh Michele Winters atá le Rang na Naíonán Mór.

We welcome Barra Ó Nualláin and Michelle Winters, who are doing their School Placement in First Class and Senior Infants at the moment.

****

Tá na dátaí don Chéad Chomaoineach Naofa agus don Chóineartú cinntithe.

The dates for the First Holy Communion and Confirmation have been confirmed.

Bealtaine 23 An Chéad Chomaoineach - ***May 23rd- First Holy Communion*.**

Aibreán 22 An Cóineartú - ***April 22nd- Confirmation .***

****

Ranganna Fidile/ *Fiddle Classes*- An Múinteoir Doireann

D'éirigh linn Múinteoir Fidile nua a eagrú do na ceachtanna fidile agus don Ghrúpa Ceoil. Má tá suim agat do pháiste a chlárú glaoigh ar an oifig. Tá a thuilleadh eolais maidir le praghas agus lá le teacht.*We have managed to arrange a new teacher for the Fiddle Classes and the Grúpa Ceoil. If you are interested in enrolling your child in the classes please contact the office. More information regarding price and day to follow.*

Scoil Ghlas – Sábháil Páipéar / *Green School – Save school paper!*

Má theastaíonn uait nuachtlitir na scoile agus aon eolas eile ón scoil a fháil tríd ríomhphost as seo amach, seol ríomhphost chuig gncamoige@gmail.com le hainm do pháiste agus rang do pháiste luaite ann. *If you would rather receive the school newsletter and any other correspondence from the school via email please send an email to the school gncamoige@gmail.com stating your child's name and class.*

Hallelujah

Beidh Rang 6 ag glacadh páirte i gceolchoirm Hallelujah ar an dara lá Nollaig i Citywest. Beidh a thuilleadh eolais ag an Múinteoir Sinéad maidir le ticéad srl.

Rang a 6 will be participating in the Hallelujah Concert in Citywest on the 2nd December. More information regarding tickets etc. to follow from Múinteoir Sinéad.

Aoife Ní Raghallaigh
Príomhoide